Polasaí maidir le gearáin

An Foras Pátrúnachta

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Polasaí maidir le gearáin

Raon Feidhme

Baineann an polasaí seo le gearáin a bhaineann le hoibríochtaí An Foras Pátrúnachta amháin.

Ní bhaineann an polasaí seo le gearáin maidir le scoileanna atá faoinár bpátrúnacht.

Ár Spriocanna

- Gearáin a fhreagairt ar bhealach cúirtéiseach, tráthúil agus cothrom.
- Dul i ngleic leis na saincheisteanna sonracha a ardaíodh agus, nuair is cuí, ár nósanna imeachta a nuashonrú le nach dtarlóidh an fhadhb chéanna arís.
- Suíomh a chruthú ina mbraitheann an té gur thugamar aghaidh ar an ngearán.

Ceisteanna & Tuairimí

Fáiltímid roimh cheisteanna agus tuairimí ó pháirtithe leasmhara éagsúla agus ón bpobal. Tá go leor deiseanna ann chun ceisteanna agus tuairimí a roinnt linn trí ríomhphost, cruinnithe, comhdhálacha, CCB &rl.

Nós Imeachta

1. Sa chás go bhfaighimid gearán ó bhéal, iarrfaimid go gcuirfí an gearán isteach mar ghearán scríofa chuig an Ard-Rúnaí ag ár seoladh poist. Déanfar gach gearán scríofa a fhiosrú ar bhonn ár dtuisceana ar an gceist.

2. Seolfaimid admháil do gach gearán i scríbhinn laistigh de 10 lá gnó ón lá a fhaighimid iad. Beidh cóip de na nósanna imeachta seo leis an admháil. Ní thabharfar aird ar ghearáin a bhfuil ainm ar bith orthu.

3. Déanfaimid an gearán a imscrúdú chomh tapa agus is féidir.

4. Déanfaimid iarracht an gearán a imscrúdú agus a réiteach laistigh de 40 lá gnó tar éis dúinn an gearán a fháil; i gcás ina bhfuil an 40 lá gnó caite agus nach bhfuil an gearán réitithe, cuirfear in iúl don ghearánach an t-amscála a bhfuiltear ag súil leis ina bhfuil súil againn an gearán a réiteach.

5. Laistigh de 5 lá gnó ó chríoch ár n-imscrúdú ar an ngearán, seolfaimid tuairisc scríofa ar thoradh an imscrúdaithe seo, mura dteastaíonn aird ón mBord Stiúrthóirí nó comhairle dlí ar an ábhar.

6. Ag brath ar chineál na saincheiste, cinnfidh an tArd-Rúnaí an ndéanfar an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an mBord Stiúrthóirí agus más ea ag cén pointe é sin a dhéanamh. Áireofar gach gearán scríofa ar an liosta comhfhreagrais a chuimsítear ag cruinnithe den Bhord Stiúrtha.

7. Déanfaidh bainisteoir athbhreithniú ar an gcomhad sula dtabharfar chun críche é agus déanfaidh sé iarracht aon nósanna imeachta a shainaithint is féidir lenár ngnólacht a chur i bhfeidhm chun an cineál gearáin a fhaightear a sheachaint arís. Cuirfear aon nósanna imeachta nua in iúl láithreach don fhoireann ar fad agus cuirfear sa chomhad Nósanna Imeachta Scríofa iad.

Athbhreithniú

Déanfaidh athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach 3 bliana nó de réir mar is gá.

Faomhadh

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den Bhord Stiúrtha 15.01.24.